AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.7.2021
COM(2021) 319 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhairle Comhlachais a bunaíodh faoin gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le Tosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hIordáine go dtí go nglacfaidh an tAontas Eorpach agus an Iordáin doiciméid chomhpháirteacha nua atá tugtha cothrom le dáta**

**IARSCRÍBHINN**

**CINNEADH Uimh. xx/2021 Ó CHOMHAIRLE COMHLACHAIS AN AONTAIS EORPAIGH AGUS NA hIORDÁINE**

**an [ll/mm/bbb]**

**lena dtagtar ar chomhaontú maidir le síneadh a chur le Tosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hIordáine**

COMHAIRLE COMHLACHAIS AN AONTAIS EORPAIGH AGUS NA hIORDÁINE,

Ag féachaint don Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Iordáin, den pháirt eile (‘an Comhaontú Eora-Mheánmhara’),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Ríocht Haisimíteach na hIordáine, den pháirt eile, síníodh é an 24 Samhain 1997 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2002.

(2) Le hAirteagal 91 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara, tugtar de chumhacht don Chomhairle Comhlachais cinntí iomchuí a ghlacadh chun cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach.

(3) Cuirtear in iúl in Airteagal 101 den Chomhaontú go bhfuil na Páirtithe leis na bearta ginearálta nó sonracha is gá a dhéanamh chun a n-oibleagáidí faoin gComhaontú a chomhlíonadh agus go bhfuil siad le féachaint chuige go mbaintear amach na cuspóirí a leagtar amach sa Chomhaontú.

(4) Le Cinneadh Uimh. 1/2016 an 19 Nollaig 2016, tháinig an Chomhairle Comhlachais ar chomhaontú maidir le Tosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hIordáine le haghaidh na tréimhse 2016-2018 chun a gcomhpháirtíocht a chomhdhlúthú agus é d’aidhm acu tacú le hathléimneacht agus cobhsaíocht na hIordáine agus iad a neartú agus ag féachaint le dul i ngleic le tionchar na coinbhleachta fada sa tSiria an tráth céanna[1].

(5) Le Cinneadh Uimh. 1/2018 an 12 Nollaig 2018, chinn an Chomhairle Comhlachais síneadh a chur le bailíocht Thosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hIordáine go dtí an 31 Nollaig 2020[2].

(6) Trí mhalartú litreacha, tháinig an dá pháirtí ar chomhaontú maidir le bailíocht leanúnach Thosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hIordáine mar

---

[1] Cinneadh Uimh. 1/2016 ó Chomhairle Comhlachais an Aontais Eorpaigh agus na hIordáine an 19 Nollaig 2016 lena dtagtar ar chomhaontú maidir le Tosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hIordáine; IO L 355; 24.12.2016, lch. 31.

[2] Cinneadh Uimh. 1/2018 ó Chomhairle Comhlachais an Aontais Eorpaigh agus na hIordáine an 12 Nollaig 2018 lena dtagtar ar chomhaontú maidir le síneadh 2 bhliain a chur le Tosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hIordáine; IO L 8; 10.1.2019, lch. 34.

dhoiciméad treorach chun an chomhpháirtíocht a chomhdhlúthú go dtí go nglacfar doiciméid chomhpháirteacha nua atá tugtha cothrom le dáta.

(7) Le hAirteagal 10 de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Comhlachais, foráiltear maidir leis an bhféidearthacht cinntí a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn idir na seisiúin, má chomhaontaíonn na Páirtithe amhlaidh.

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

*Airteagal 1*

Cinneann an Chomhairle Comhlachais, ag gníomhú di trí nós imeachta i scríbhinn, go gcuirtear síneadh le Tosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hIordáine atá i gceangal le Cinneadh Uimh. 1/2016 dá cuid an 19 Nollaig 2016, go dtí go nglacfaidh an tAontas Eorpach agus an Iordáin doiciméid chomhpháirteacha nua atá tugtha cothrom le dáta.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa xx, [lá mí bliain].

*Thar ceann na Comhairle Comhlachais*